



Crawford Art Gallery

Tuarascáil Bhliantúil 2020



Crawford Art Gallery

Tuarascáil Bhliantúil 2020

Clár an Ábhair

Réamhrá	3
Tuairisc an Chathaoirligh	4
Tuairisc an Stiúrthóra	6
Tuairisc ar Thaispeántais	8
Foghlaim agus Fiosraigh	21
Tuairisc Mhargaíochta	30
Tuairisc Chairde Ghailearaí Crawford	44
Caifé Ghailearaí Crawford	27

Réamhrá

Institiúid Chultúrtha Náisiúnta is ea Gailearaí Ealaíne Crawford agus tá sé tiomanta do na hamharc-ealaíona, idir stairiúil agus chomhaimseartha. Is é an misean atá aige ná acmhainn chultúrtha a chur ar fáil atá faisnéiseach, oideachasúil agus ar ábhar machnaimh í.

Freastalaíonn an Gailearaí ar lucht féachana measctha agus ilghnéitheach, lena n-áirítear muintir na háite, cuairteoirí, turasóirí, scoileanna agus grúpaí a bhfuil riachtanais speisialta acu. Cuirtear béim ar oideachas do pháistí agus ar chlár a dheartar chun caighdeán na beatha a fheabhsú. Trí thaispeántais shealadacha, foilseacháin agus clár oideachais, tá an gailearaí tiomanta d'aitheantas a chothú don chleachtas ealaíne comhaimseartha in Éirinn agus thar lear, do mheasúnú criticiúil a dhéanamh air agus d'aitheantas a thabhairt dó.

Is iad na príomhaidhmeanna atá le bunú na cuideachta ná:-

1. An t-oideachas a chur chun cinn trí chleachtas ealaíne, dealbhóireachta agus deartha agus sna mínealaíona agus sna healaíona feidhmeacha go ginearálta a fhorbairt agus a chur chun cinn agus Gailearaí Ealaíne Crawford, Corcaigh, a chur chun cinn mar ionad oideachais do na healaíona agus mar phríomhionad cultúrtha agus ealaíne.
2. An t-oideachas a chur chun cinn trí shaoráidí a chur ar fáil le hagaidh taispeántais, taibhithe, comhdhálacha, léachtaí, turais, cuairteanna, ócáidí agus gníomhaíochtaí cultúrtha agus ealaíne gaolmhara agus páirt a ghlacadh i gcur chun cinn na ngníomhaíochtaí cultúrtha agus ealaíne sin.



I láthair na huaire tá an Gailearaí ar thairseach tréimhse nua mhórathraithe agus an eagraíocht ag tosú ar athfhorbairt €28m sna blianta beaga atá amach romhainn mar chuid den chlár Éire 2040.

Lonnaithe i gcroílár Chathair Chorcaí, agus caifé a bhfuil duaiseanna buaite aige agus siopa leabhar ann, tá an Gailearaí mar dhlúthchuid de bhonneagar cultúrtha agus turasóireachta na hÉireann agus cuireann sé fáilte roimh breis agus 230,000 cuairteoir sa bhliain. Tá cead isteach saor in aisce.

Gailearaí Ealaíne
Crawford
Plás Emmet
Corcaigh
T12 TNE6
Teil: 0214805082
R-phost: info@crawfordartgallery.ie

Uimh. CHY:18818
Uimhir Chuideachta:431177



Tuairisc an Chathaoirligh

Bliain dhrámatúil ab ea 2020 ar fud an domhain. Chuaigh an ráig de COVID-19 go mór i bhfeidhm ar gach saoránach, eagraíocht agus pobal. Tháinig tréimhse ar an domhan inar cuireadh isteach ar an nglúin reatha agus ina raibh uirthi dul i dtaithe agus athdhíriú ar chúrsaí.

Amhail gach Institiúid Chultúrtha Náisiúnta eile, ba ghá do Ghailearaí Ealaíne Crawford dúnadh go tapúil agus go tobann agus ansin athoscailt ar feadh tréimhse ghairid agus ansin dúnadh arís de réir mar a lean an víreas air ag scaipeadh. Cé gur mhór an dúshlán é seo, léirigh Gailearaí Ealaíne Crawford gur eagraíocht shofhreagrúil, oiriúnaitheach agus shofhreagrach é agus chloígh sé go docht lena chuid mianta agus lena mhisean.

D'fhreagair an Bord agus an fhoireann láithreach bonn agus réitigh siad iad féin i gcomhair cianobair éifeachtach. Le tacaíocht ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán, bhain an Gailearaí leas as maoiniú breise lena chinntiú go gcomhlíonfaí treoirlínte maidir le COVID-19, agus dá réir sin cinntíodh sábháilteacht ár bpobail, ár bhfoirne, ár mbailiúchán ealaíne agus an fhoirgnimh féin.

Maidir leis na cláir, cuireadh síneadh ama leo, cuireadh siar iad, cuireadh in oiriúint iad ar líne, atreoraíodh iad agus aistríodh iad. Forbraíodh comhoibriú nua leis na meáin agus le hardáin dhigiteacha lenár rannpháirtíocht agus ár lucht féachana a mhéadú.

Tuairisc an Chathaoirligh

Fad is a bhí na doirse fisiciúla dúnta, thug an Gailearaí faoi obair shuntasach agus rinneadh dul chun cinn le tionscadail ar ráta iontach. Agus dialanna agus ceangaltais taistil scaoilte mar gheall ar an gcianobair, thagadh comhghleacaithe náisiúnta le chéile go rialta agus rinneadh dul chun cinn leis an tionscadal athfhorbartha caipitil laistigh de na hamlínthe comhaontaithe.

D'fhaomh an tAire Catherine Martin ár gCás Gnó Caipitil i mí Mheán Fómhair agus moladh don ghailearaí bogadh tríd an gcód caiteachais go dtí an chéid chéim eile. Is díol suntais é go bhfuair an Gailearaí, i gcomhpháirtíocht le hÁras Nua-Ealaíne na hÉireann, maoiniú €1 mhilliún chun cur lenár gcuid Bailiúchán. B'iontach an spreagadh é seo agus ba léiriú é ar an muinín a chuirtear sa Ghailearaí, agus bhíomar in ann a bheith i dteagmháil dhíreach le healaíontóirí comhaimseartha agus tacú leo dá bharr.

I dTuarascáil Bhliantúil Ghailearaí Ealaíne Crawford don bhliain 2020, breathnaítear siar ar imeachtaí na bliana agus doiciméadaítear tionscadail agus gaiscí an ghailearaí. Cé go bhfuil sé fós róluath léargas a bheith againn ar bhliain a bhí chomh neamhghnách sin, is féidir linn a rá gan amhras gur múineadh go leor rudaí dúinn faoin athrú agus faoi cé chomh tapúil a fhéadann athruithe teacht ar ár saol. Chomh maith leis sin, léiríodh go láidir an tábhacht a bhaineann leis an muintearas agus leis an gcomhcheangailteacht.

Tháinig an Gailearaí go láidir as an mbliain, agus é muiníneach as a chumas dul in oiriúint do chúrsaí, agus dúil níos mó fós aige ceangal a dhéanamh le healaíontóirí, leis an lucht féachana agus le páirtithe leasmhara.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl don Aire agus do gach comhghleacaí ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta Spóirt agus na Meán as a ndílseacht agus a dtacaíocht agus as aitheantas a thabhairt dár gcuid mianta agus dár gcuid oibre; d'Oifig na nOibreacha Poiblí agus do Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí as a gcomhoibriú leanúnach; do bhaill ár mBoird agus ár bhfochoistí, a bhíonn chomh flaithiúil agus chomh seasmhach sin lena gcuid ama agus a gcuid saineolais; dár bhfoireann ar fad a chur iad féin in oiriúint agus a thug aghaidh go seoigh ar dhúshlán nach bhfacthas riamh roimhe seo agus ar éiginnteacht leanúnach; agus níos tábhachtaí ná aon daoine eile, dár gcuid ealaíontóirí, pobal, urraitheoirí, cairde agus dár lucht féachana ar fad a tháinig ar an aistear in éineacht linn agus atá fós ag tnúth le caidreamh iomlán a athdhéanamh a luaithe agus is féidir.

Rose McHugh

Cathaoirleach

Gailearaí Ealaíne Crawford

“Tháinig an Gailearaí go láidir as an mbliain, agus é muiníneach as a chumas dul in oiriúint do chúrsaí, agus dúil níos mó fós aige ceangal a dhéanamh le healaíontóirí, leis an lucht féachana agus le páirtithe leasmhara.



Tuairisc an Stiúrthóra

2020, bliain ar dócha nach ndéanfaimid dearmad uirthi. Bliain a tharraing mí-ord agus éiginnteacht orainn ar fad. Bliain inar éirigh rudaí a bhí indéanta agus inbhainte amach roimhe sin dodhéanta agus inar éirigh rudaí a bhí doshamhlaithe de réir dealraimh riachtanach.

Ba bheag a bhí a fhios againn nuair a dhúnamar den chéad uair i mí an Mhárta go mbeadh orainn dúnadh ar feadh tréimhse chomh fada sin nó go mbeimis dúnta ar feadh tréimhsí ní b'fhaide ina dhiaidh sin. Ba ghearr gur tháinig an éiginnteacht in ionad na nuachta agus thuigeamar go gasta cé chomh mór agus a bhraitheamar uainn fuaimeanna ár bpobal inár ngailearaithe, agus a bhraitheamar uainn an comhrá agus an caidreamh pearsanta eadrainn féin agus le daoine eile.

Nuair a scríobhadh an tuarascáil seo bhí léargas na bliana 2021 againn agus tá iarracht déanta againn ár gcuid gníomhaíochtaí agus gaiscí in 2020 a dhoiciméadú.

Ceapaim gurb é an gaisce is mó díobh seo ná go bhfuil a fhios againn anois gur féidir linn teacht slán as cúinsí gan choinne agus dul in oiriúint dóibh. Is mar gheall ar thiomnacht Gibson den chuid is mó gur gailearaí é Gailearaí Ealaíne Crawford, tiomnacht a bronnadh ar an nGailearaí i ndiaidh an Fhliú Spáinnigh i 1918/19. Go deimhin, nuair a bhreathnaímis siar ar ár mbailiúchán in 2020 ba mhinic a spreagadh muid chun bogadh ar aghaidh agus leanúint ag creidiúint go mbeadh deireadh leis seo chomh maith.

Tuairisc an Stiúrthóra

I Mí an Mhárta, tháingamar le chéile láithreach bonn le gurbh fhéidir le comhghleacaithe obair a dhéanamh ón mbaile. Athsceidealáíodh cláir Taispeántas siar agus rinneadh ullmhúchán cuimsitheach i gcomhair shábháilteacht ár gcuaríteoirí agus ár bhfoirne nuair a d'osclaíomar ár ngailearaithe arís i mí an Mheithimh

Bhí orainn gníomhú go pras agus dearcadh freagrúil a ghlacadh mar gheall ar na tréimhsí dianghlásála a bhí ann ina dhiaidh sin. Bhíomar in ann freastal ar a lán daoine lenár gcláir nuálacha ar líne agus sna comhpháirtíochtaí Pobail agus Meán bhí teacht ar an gcruithaitheacht ag daoine sa bhaile ar fud an domhain.

Soláthraíodh na cláir seo ó bhoird chistine agus taobh thiar de dhoirse dúnta an Ghailearaí. Mar fhoireann, leanamar orainn ag obair ar ár gcuid tosaíochtaí straitéiseacha, an Tionscadal Caipitil, creidiúnú Chlár Caighdeán Músaem na hÉireann (a bhfuil an-tóir air), caomhnú agus méadú an Bhailiúcháin agus forbairt bhreise an dlúthchaidrimh chomhoibríoch lenár gcomhpháirtithe sna hInstitiúidí Cultúrtha Náisiúnta.

Ba mhór an spreagadh é nuair a d'fhaomh an tAire Catherine Martin €400,000 le caitheamh ar shaothair ealaíne de chuid ealaíontóirí comhaimseartha, rud a d'fhág go raibh nasc againn le saothair na n-ealaíontóirí le linn ghaibhniú fada an gheimhridh agus gur cuireadh stór saibhir ar fáil dúinn le haghaidh cláir san am atá le teacht.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt dár sárfoireann dhíograiseach agus buíochas ó chroí a ghabhail leis na baill foirne a chuir iad féin in oiriúint agus a réitigh fadhbanna gan mhoill ar gach céim le heispéiris den scoth a chuir in oiriúint agus a sholáthar ar líne agus sa Ghailearaí tráth arbh fhéidir. Áirím leo siúd ár gcathaoirleach dílis díograiseach agus baill an Bhoird agus na bhfochoistí a chuir iontaoibh ionainn agus a thacaigh linn le linn na tréimhse seo ina bhfuil athruithe nach bhfacthas riamh roimhe seo agus a lean orthu ag rialú an ghailearaí go dúthrachtach diongbháilte. Áirím chomh maith ár Maoinitheoirí, an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán, a thug tacaíocht airgeadais agus fhealsúnach dúinn agus go háirithe ár n-ealaíontóirí agus ár bpobail a lean orthu dár spreagadh agus a sheas linn nuair a bhí cláir á gcur siar agus á síneadh agus ár lucht mór tacaíochta agus Cairde Ghailearaí Crawford as a bhfuil déanta acu don Ghailearaí.

Pé athruithe atá i ndán dúinn san am atá le teacht, d'fhoghlaimíomar in 2020 nach mbeidh imdhíonacht againn orthu agus go gcaithfidimid, mar shochaí, fanacht dílis don tábhacht a bhaineann leis an ealaín agus le healaíontóirí chun tuiscint a fháil ar na rudaí a thugann le chéile muid agus na rudaí a thugann spás dúinn lenár machnamh a dhéanamh.

Mary McCarthy

Stiúrthóir

Gailearaí Ealaíne Crawford



caithfidimid, mar shochaí, fanacht dílis don tábhacht a bhaineann leis an ealaín agus le healaíontóirí

chun tuiscint a fháil ar na rudaí a thugann le chéile muid agus na rudaí a thugann spás dúinn lenár machnamh a dhéanamh.



Tuairisc ar Thaispeántais, 2020

Tuairisc ar Thaispeántais, 2020

In 2020, amhail go leor institiúidí cruthaitheacha agus ealaíontóirí, d'éirigh le Gailearaí Ealaíne Crawford dul i ngleic leis na dúshláin ar leith le linn na bliana i gcomhthéacs chúlra corrach na paidéime.

Le linn don Ghailearaí a bheith dúnta den chéad uair (ón 13 Márta), tháinig foireann an ghailearaí le chéile go pras agus chuir siad aistriú i bhfeidhm go gasta chun taispeántais agus ábhar a chur i láthair ar líne agus - tá súil againn - chuir siad áit shábháilte ar fáil don lucht féachana chun teagmháil a dhéanamh le healaíontóirí nó le taispeántais trí ardán digiteach a sholáthar le go bhféadfaí caidreamh a athchothú leis na saothair ealaíne ab ansa leo ón gcur i láthair ar líne ar an mbailiúchán. Mar thoradh ar an tacar sainscileanna agus ar na teicnící réitithe fadhbanna a d'fhoghlaim siad le linn na chéad dianghlása, rinne siad ceangal níos doimhne lenár lucht féachana ar líne agus chruthaigh siad ábhar níos nuálaí sa dá thréimhse dianghlása náisiúnta a bhí ann le linn ceann de na blianta ba dhúshlánaí riamh.

Sna míonna roimh an gcéad dianghlásail i mí an Mhárta, bhí réimse taispeántas ann a bhí fáilteach, ilghnéitheach agus dúshlánach uaireanta, lena n-áirítear In Transit, a bhfuil cáil air go hidirnáisiúnta, arna choimeád ag Peggy Sue Amison (an Ghearmáin) i gcomhpháirtíocht le Stadtgalerie Saarbrücken sa Ghearmáin.

Comhpháirtíocht nua idir Gailearaí Ealaíne Crawford, Gailearaí Náisiúnta na hÉireann agus Zurich Ireland ab ea Duais Phortráide Zurich 2019 agus Duais Phortráide Zurich do Dhaoine Óga 2019, inar tugadh na taispeántais phortráidíochta mhóréilimh go Corcaigh den chéad uair.



Duais Phortráide Zurich 2019, amharc ar an suiteán, 2020. Grianghraf le Jed Niezgoda © leis na healaíontóirí.

Cruthaíodh tuilleadh comhpháirtíochtaí straitéiseacha tábhachtacha nua le linn na bliana freisin leis an taispeántas Invisible Light ó The School of Looking (Anne Cleary agus Denis Connolly, ealaíontóirí) arna mhaoiniú ag Clár Fionnachtana Fhondúireacht Eolaíochta Éireann. Trí shaothar uaillmhianach comhoibríoch le Gailearaí Ealaíne Crawford,

Tyndall National Institute agus Ionad um Chomhtháthú Fótónaice na hÉireann (IPIC), rinneadh iarracht oidhreacht an ghailearaí mar institiúid ar son saothair ealaíne agus eolaíochta araon a athmhúscailt.

*Expulsion* le Kevin Gaffney*Their Taibhiú Cóir*. Grianghraf © Jacques Hugo

Tuairisc ar Thaispeántais, 2020

Lean Platform lena dara sraith bhliantúil leis an taispeántas *Expulsion* le Kevin Gaffney, ealaíontóir, arna choimisiúnú go speisialta agus d'fhógair Gailearaí Ealaíne Crawford go mbeadh sé páirteach den chéad uair mar chomhpháirtí le Artists' Film International (AFI). Áirítear le AFI, a bhunaigh an Whitechapel Gallery, Londain, in 2008, níos mó ná 20 comhpháirtí domhanda agus tugtar le chéile saothair íomhánna gluaisteacha a rinne ealaíontóirí le gairid tar éis dóibh a bheith ainmnithe ag gach ionad, saothair a chuirtear i láthair thar thréimhse bliana i ngach ceann de na 22 institiúid.

Cuir Gailearaí Ealaíne Crawford lena chomhpháirtíocht le féilte áitiúla freisin agus é ina chomhpháirtí le Quarter Block Party 2020 agus le Tonnta, ensemble gutha, ina n-athchóiriú nua ar Volunteer Chorus le Jennifer Walshe a cuireadh i láthair sna Gailearaithe Dealbhóireachta, ar suíomh allabhrach iad, agus rinneadh tuilleadh forbartha ar an gclár breisithe Recasting Canova.

Tháinig taibheoirí Tonnta, a bhfuil éagsúlacht inscne ag baint leo, le chéile le hamhránaithe áitiúla chun machnamh a chruthú ar an íomhá colainne agus ar léiriú inscne.

Sa chuid deiridh den bhliain, agus céad bliain ó bhás Thraolaigh Mhic Shuibhne (1879-1920), Ardmhéara Chorcaí, á chomóradh, chruthaigh an Gailearaí taispeántas suntasach, *Citizen Nowhere*.

CitizenSomewhere: The Imagined Nation. Agus tacaíocht fhlaithiúil faighte aige ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán faoin tionscnamh Deich mBliana Chomóradh an Chéid, díriodh sa taispeántas ar oidhreacht idirnáisiúnta stailc ocrais agus bhás Mhic Shuibhne agus ar choincheap an náisiúin mar stát samhalta a raibh a chuid aistí féin, Principles of Freedom, ag tnúth leis.

Tuairisc ar Thaispeántais, 2020

Lorgaíodh agus fuarthas iarratais ar iasachtaí go buíoch le linn na bliana - agus ba mhinic a cuireadh fad leo go caoin agus go dlúthpháirteach mar gheall ar an bpaindéim - ó roinnt iasachtóirí, lena n-áirítear Músaem Poiblí Chorcaí, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Gailearaí Hugh Lane, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, TATE, Victoria and Albert Museum agus an iliomad ealaíontóirí agus iasachtóirí príobháideacha flaithiúla a chuir ar chumas an Ghailearaí taispeántais a chruthú a bhfuil uaimhian idirnáisiúnta agus tábhacht áitiúil agus náisiúnta ag baint leo le linn 2020.

As measc cúig cinn déag de thaispeántais agus tionscadail speisialta a thionscain agus a léirigh Gailearaí Ealaíne Crawford nó a raibh sé ina comhpháirtí orthu, lean trí cinn acu ón mbliain roimhe sin: Daphne Wright: **A Quiet Mutiny** arna choimisiúnú go speisialta agus atá tochtmhar agus allabhrach; Mystery & Imagination: Harry Clarke Watercolours, an dara taispeántas bliantúil dár gcuid ina ndírítear ar shraith pictiúir uiscédhatha Harry Clarke sa Bhailiúchán; agus The Gibson Bequest 1919-2019: Selecting, Collecting & Philanthropy. Sa cheann deireanach díobh seo, ceiliúradh comóradh céad bliain fhlaithiúlacht Joseph Stafford Gibson (1837-1919), a tiomnaigh, i 1919, a bhailiúchán ceirmeach, mionphictiúr, gréithe airgid, pictiúr uiscédhatha agus ciste airgid 'for the furthering of art in the city of his boyhood'.

Díríodh ar údair eile chomórtha céad bliain agus céad bliain bhunú Éireann agus Thuaisceart Éireann ar na bacáin agus in Mise Éire cuireadh rogha théamach saothar i láthair ón mbailiúchán sna Gailearaithe Nua-aimseartha. Agus é á choimeád ag Michael Waldron, rinneadh iarracht sa taispeántas ceisteanna ábhartha maidir leis an neamhspleáchas agus leis an gcríochdheighilt a phlé, chomh maith leis an idirghníomhú, a bhíonn teannasach go minic, idir an stair, an nua-aimsearthacht agus an náisiúnachas. Bhí deis ann freisin saothair ar pár a thaispeáint in éineacht le pictiúir,

dealbha agus rudaí a chuirtear ar taispeáint in áiteanna eile sa ghailearaí de ghnáth, agus dá bhrí sinn caidreamh nua agus snáitheanna léirmhíniúcháin a chruthú. I ndeireadh na dála, ba é an cheist a cuireadh sa taispeántas ná: cé acu a bhfuil an deis Éire a shainmhíniú?

I measc ealaíontóirí Mise Éire bhí: George Atkinson, Robert Ballagh, Muriel Brandt, Regina Carbayo, Margaret Clarke, John Day, Gerard Dillon, Rita Donagh, Rita Duffy, Mainie Jellett, Gerald Festus Kelly, Seán Keating, John Lavery, Louis le Brocqy, Norah McGuinness, F.E. McWilliam, Séamus Murphy, Breda O'Donoghue-Lucci, Colm Ó Lochlainn, Henry Marriott Paget, Nano Reid, Mary Swanzy, Jack B. Yeats.

Mise Éire amharc ar an suiteán, 2020.

Grianghraf le Jed Niezgoda. © na healaíontóirí / eastáit na n-ealaíontóirí.



Tuairisc ar Thaispeántais, 2020

Comhpháirtíocht nua idir Gailearaí Ealaíne Crawford, Gailearaí Náisiúnta na hÉireann agus Zurich Ireland ab ea Duais Phortráide Zurich 2019 agus Duais Phortráide Zurich do Dhaoine Óga 2019, inar tugadh na taispeántais phortráidíochta mhórélímh go Corcaigh den chéad uair. Agus iad á gcoimeád ag Michael Waldron, cuireadh na taispeántais i láthair le chéile i nGailearaithe Gibson, arna n-athphéinteáladh agus bhí a lán ealaíontóirí ann nár cuireadh a gcuid saothar ar taispeáint roimhe sin ag Gailearaí Ealaíne Crawford. (Bhí deis ann freisin brí a chur i mbailiúchán portráidí an ghailearaí arís trína gcrochadh arís ar Léibheann Gibson agus ar an bPríomh-Staighre.) Cuireadh deireadh leis an dá thaispeántas aon mhí amháin luath ach ina ionad sin cuireadh ar fáil iad tríd an gcur i láthair ar líne.

I nDuais Phortráide Zurich 2019, a raibh fáilte roimh ealaíontóirí Éireannacha (nó ealaíontóirí atá lonnaithe in Éirinn) os cionn 19 mbliana cur isteach uirthi, rinneadh iarracht tabhairt faoi thaiscéalaíocht nua sa phortráidíocht chomhaimseartha agus faoi fhéidearthachtaí an mheáin sin. Bhí na 26 iontráil a gearrliostaíodh sa taispeántas, lena n-áirítear an saothar buaiteach le Enda Bowe agus iontrálacha ar tugadh ardmholadh dóibh le Joe Dunne agus Salvatore of Lucan. Fuarthas portráid eile a bhí ann, Paula Meehan (2018) le Dragana Jurišić, ina dhiaidh sin do Bhailiúchán Ghailearaí Ealaíne Crawford le tacaíocht ón Roinn.

Sa chéad bhliain ar fad de Dhuais Phortráide Zurich do Dhaoine Óga 2019, gearrliostaíodh 20 iontráil ó dhaoine óga a bhí suas le 18 mbliana d'aois ar gach leibhéal cumais agus ó gach cearn d'oileán na hÉireann. Bhí sé mar aidhm ag an gcomórtas ionchuimsitheach seo cruthaitheacht, únuacht agus féinléiriú páistí agus daoine óga a chothú agus a neartú. Bhí an-tóir go deo ar an dá thaispeántas i measc cuairteoirí ón bpobal, spreag na healaíontóirí óga an-ríméad agus lúcháir.



Duais Phortráide Zurich 2019, amharc ar an suiteán, 2020. Grianghraf le Jed Niezgoda © leis na healaíontóirí.

Chruthaigh an fhoireann Foghlaim agus Taiscéal Paca Acmhainní portráidíochta ag gabháil leis na taispeántais. Reáchtáladh imeacht saor in aisce I gComhrá le Stephen Doyle agus Debbie Godsel, ealaíontóirí a gearrliostaíodh roimhe seo agus le Jack Hickey, iarbhuaitheoir, a ndearna Michael Waldron cathaoirleacht air ar an 27 Feabhra 2020 i gcomhthéacs an taispeántais. Phléigh na healaíontóirí a gcuid saothar agus a dtaithí ar an duais phortráidíochta agus thug siad léargas ar réimse ábhar, mar shampla céard atá i bportráid mhaith agus cé hiad na daoine a roghnaímid a fheiceáil agus cén fáth. I measc na n-ealaíontóirí bhí: **Shane Keisuke Berkery, Els Borghart, Enda Bowe, Lisa Butterly agus Lisa McCormack, Comhghall Casey, David Hamilton, Gordon Harris, Dragana Jurišić, Lynn Kennedy, Miseon Lee, Salvatore of Lucan, Paul MacCormaic, Ian Maher, Fionn McCann, Oisín McFarland Smith, Tom Molloy, Bríd Murphy, Liam Murphy, Liam Robinson, Johnny Savage, Niamh Smith, Marcel Vidal, Amy Walsh.**

Tuairisc ar Thaispeántais, 2020

Ag tús mhí an Mhárta cuireadh tús le Transit, taispeántas cumhachtach tochtmhar ina raibh na healaíontóirí George **Awde** (SAM/an Liobáin), **Daniel Castro Garcia** (an RA), **Gohar Dashti** (an Iaráin), **Tanya Habjouqa** (an Iordáin), agus **Stefanie Zofia Schulz** (an Ghearmáin). Agus é á choimeád ag **Peggy Sue Amison** (an Ghearmáin) i gcomhpháirtíocht le **Stadtgalerie Saarbrücken**, an Ghearmáin, sa taispeántas tráthúil grianghrafadóireachta agus scannánaíochta seo léiríodh agus ceistíodh na dúshláin fhisiciúla agus shíceolaíocha roimh dhaoine agus iad ag teitheadh ó áiteanna dúchais atá contúirteach nó spealta ó thaobh na heacnamaíochta de i dtreo brionglóidí ar thodhchaí níos sláine agus breathnaíodh ar an bplé níos doimhne ar cad atá i gceist leis an tsaoránacht tar éis na himirce ollmhóire go dtí an Eoraip.

Trína gcuid insintí, tá na healaíontóirí ar a ndícheall agus iad ag cur isteach ar mhíthuiscintí a bhfuil glacadh leo maidir leis an inimirce agus leis an eileacht chun scéal níos cruinne a insint. Trí chomhoibriú lena gcuid suibhiachtaí, nochtann siad tuairimí na ndaoine sin a chaithfidh tréimhsí fada ama amú a fhulaingt - am atá líonta le leadrán, brón, eagla agus patuaire - agus iad fite fuaite sa mhaorlathas, le go bhféadfaidh siad stádas níos airde ná 'eachtrannaigh chláráithe' nó daoine 'a gcuirtear suas leo' amháin a bhaint amach dóibh féin.

Fianaise is ea na saothair a cruthaíodh sa Ghearmáin, san Iordáin, sa Liobáin, san Iodáil agus san Iaráin ar an marthanas ó lá go lá in éineacht leis an streachailt chun normáltacht, cobhsaíocht agus áit le socrú síos a aimsiú. Nuair a fógraíodh an chéad dianghlasáil phaindéime agus dúnadh Ghailearaí Ealaíne Crawford ar an 13 Márta 2020, cuireadh an taispeántas i láthair ar líne agus bhí agallaimh a taifeadadh ag an Réamhléiriú (roimh an dianghlasáil) le Tanya Habjouqa, Gohar Dashti, ealaíontóirí, agus Peggy Sue Amison, coimeádaí, mar chuid de i dteannta taispeántas sleamhnán d'íomhánna agus téacsanna ón suiteán le treoir ar líne faoi In Transit a chruthú.





Tuairisc ar Thaispeántais, 2020

Taispeántas eile a athraíodh le linn na bliana idir cur i láthair fisiciúil i seomra taispeána tiomnaithe an ghailearaí agus cur i láthair ar líne ab ea **Artists' Film International (AFI)**. Áirítear le AFI, a bhunaigh an Whitechapel Gallery, Londain, in 2008, níos mó ná 20 comhpháirtí domhanda agus tugtar le chéile saothair íomhánna gluaisteacha a rinne ealaíontóirí le gairid tar éis dóibh a bheith ainmnithe ag gach ionad, saothair a chuirtear i láthair thar thréimhse bliana i ngach ceann de na hinstiúidí.

Ba é téama chlár AFI in 2020 ná 'Teanga' agus dá comhpháirtíocht tionscnaimh thug Gailearaí Ealaíne Crawford cuireadh d'Ailbhe Ní Bhriain, ealaíontóir, chun an scannán *Inscriptions (One Here Now)* (2018) léi a chur i láthair.

Grianghraif le Jed Niezgoda / Veni Vedi

Áiríodh leis na healaíontóirí a cuireadh i láthair i gclár AFI: Miguel Fernandez de Castro, Lisa Tan, Dominika Olszowy, Rhea Storr, Ailbhé Ní Bhrian, Lerato Shadi, Yu Guo, RAQS Media Collective, Franceso Pedraglio, Ergin Çavuşoğlu, Mohamed A. Gawad, Bojan Fajrić, Evgeny Granilshchikov, Vika Kirchbauer, Yao Qingmei, Amina Drybee, Leticia Obeid agus Daisuke Kosugi.

Roghnaigh siad seo a leanas na ealaíontóirí i gclár AFI 2020: Ballroom Marfa (USA); Belgrade Cultural Centre (SRB); Bonniers Konsthall (SWE); CAC (LTU); Centre for Contemporary Arts Afghanistan (AFG); Crawford Art Gallery (IRE); Fundacion PRÓA (ARG); Galleria D'Arte Moderna e Contemporanea (ITA); Hammer Museum (USA); Hanoi DOCLAB (VNM); Istanbul Modern (TUR); Friends of Iziko South African National Gallery (ZAF); KWM artcentre (CHN); Mahera and Mohammad Abu Ghazaleh Foundation (JOR); Moscow Museum of Modern Art (RUS); Museum of Modern Art, Warsaw (POL); Neuer Berliner Kunstverein kunst forum (DEU); Para Site (HKG); Project 88 (IND); Tromsø Kunstforening (NOR) agus Whitechapel Gallery (UK).

Tuairisc ar Thaispeántais, 2020

Agus a chuid saothar ar taispeáint i gCorcaigh den chéad uair, chuir Kevin Gaffney, ealaíontóir-scannánóir, *Expulsion* i láthair den chéad uair mar chuid den dara heagrán den chlár Platform, a coimisiúnaíodh go speisialta. Tá sé mar aidhm ag an gclár tacú le healaíontóirí lena gcuid údar spéise reatha a leanúint agus ceangal a dhéanamh le lucht féachana trí chomhoibriú le Gailearaí Ealaíne Crawford, a shuíomh gréasáin, a bhailiúchán agus a suíomh. Tá sé mar aidhm ag an gclár ardán a thabhairt d'ealaíontóir lena g(h)airm a fhorbairt mar aon leis an gcaidreamh, ar caidreamh sainiúil é go minic, leis an institiúid.

Agus cuid den scannánú déanta ag Gailearaí Ealaíne Crawford, scríobh agus stiúir Kevin Gaffney an scannán 30 nóiméad *Expulsion*. Bogtar sa scannán idir Stát Aerach ficseanúil, píosaí scannáin cartlainne de ghníomhaithe aeracha, machnamh teoraithe chun homafóibe/trasfhóibe inmheánaithe a ruaigeadh agus deasghnátha oíche. De réir mar a thugann idéil na haerachta sa stát dúshlán pholaitíocht mheasúlachta na homanormáltachta agus an chaipitleachais, iarrtar ar an mbreathnóir údair spreagtha gach carachtair a athmheas agus iad ag bogadh trí na radhairc atá débhríoch ó thaobh na heitice de.



Stadán ó *Expulsion* le Kevin Gaffney © Kevin Gaffney, grianghraf © Jed Niezgoda / Veni Vedi

In *Expulsion* tá píosaí scannáin cartlainne de chuid Joan Jett Blakk, persona draig Terence Smith, a sheas sa toghchán do mhéara Chicago i 1991 agus don uachtarán i SAM i 1992 mar iarrthóir den Queer Nation party. Rinneadh saothar 3 nóiméad eile, Retelling: Dr. James Miranda Barry agus John Joseph Danson, i gcomhar le *Expulsion* agus scannánaíodh é ar an suíomh i nGailearaí Ealaíne Crawford mar fhreagairt ar bhailiúchán an mhúsaeim agus cuirfear i láthair é seo freisin sa taispeántas.

Agus é coimeádta ag Anne Boddaert, d'athraigh an taispeántas seo idir cur i láthair fisiciúil agus cur i láthair ar líne freisin mar gheall ar an am a cuireadh an dianghlasáil náisiúnta i bhfeidhm ach bhí fáil ag an lucht féachana ar líne ar chuid scannán Kevin Gaffney agus Kathleen Soriano, coimeadaí agus craoltóir, agus bhíothas in ann Summoning a Queer State a léamh, aiste le Karl Schoonover a choimisiúnaigh Gailearaí Ealaíne Crawford agus ina gcuirtear an taispeántas i gcomhthéacs.

Tuairisc ar Thaispeántais, 2020

Agus é coincheaptha mar fhreagairt ar an bpaindéim COVID-19, bhí *lucid abnormalities* ar cheann de dhá thaispeántas a tharla ag an am céanna le hathoscailt an ghailearaí i mí an Mheithimh 2020. Ba é téacs a ghabh leis an taispeántas ná:

'Thrust into a strange time of uncertainty, it is easy to feel on edge, to be unsure of how to behave or react, to have the impulse to escape or to be elsewhere. Moments of calm are held dear. Alone with our thoughts, the familiar might become alien, empathy may be coupled with suspicion, even anxiety. We relate to each other differently.'

Agus caidreamh nua á chothú agus comhthéacsanna malartacha á dtairiscint, sa taispeántas seo i nGailearaithe Gibson tugadh le chéile saothair aithnidiúla ón mbailiúchán agus saothar nach bhfuil chomh haithnidiúil céanna nach bhfeictear ach go hannamh agus a raibh glór agus mothú suaite nó coscrach ag baint leis. Agus é coimeádta ag Michael Waldron, d'éirigh leis an taispeántas cothromaíocht inscne a bhaint amach sna healaíontóirí a cuireadh ar taispeántas agus cuireadh chun cinn é go gníomhach sna meáin shóisialta agus sa ghnéchlár raidió *Work of the Week* ar *The Arts House* le Elmarie Mawe (96 agus 103fm).

I measc na n-ealaíontóirí bhí: **William Gerard Barry, Katherine Boucher Beug, Cecily Brennan, Suzanna Chan, Margaret Clarke, Sylvia Cooke- Collis, R.J. Croft, Dorothy Cross, William Crozier, Alfred Elmore, May Guinness, Ian Healy, Patrick Hennessy, Grace Henry, Seán Keating, John Lavery, Daniel Macdonald, Daniel Maclise, Elizabeth Magill, Alice MahervNorah McGuinness, Hughie O'Donoghue, Patrick Scott, William Scott, William Sheehan, Edith Somerville, Mary Swanzy, Anne Yeats** agus **Jack B. Yeats**.



lucid abnormalities amharc ar an suiteán, 2020.

Grianghraf le Jed Niezgoda. © na healaíontóirí / eastáit na n-ealaíontóirí.



Statio Bene amharc ar an suiteán 2020. Grianghraf le Jed Niezgoda. © na healaíontóirí / eastáit na n-ealaíontóirí.

Tuairisc ar Thaispeántais, 2020

Agus é á chur i láthair, mar is cuí, i Seomra Fada iar-Theach Chustaim Chorcaí, fuair ***Statio Bene: Art agus Ireland's Maritime Haven*** (1 Meitheamh 2020 – 23 Bealtaine 2021) inspioráid ó mhana na cathrach, *Statio Bene Fida Carinis* ('Cuan Sábháilte do Longa'). Agus é ceaptha ón tús a bheith ar siúl ag an am céanna le SeaFest Fhéile Chuan Chorcaí, agus comóradh trí chéad bliain Chlub Luamhaireachta Ríoga Chorcaí, cuireadh teorainn le scóip an taispeántais sa deireadh thiar mar gheall ar an bpaideim COVID-19 agus bhí rochtain ag an bpobal air ó mhí an Mheithimh go dtí mí Dheireadh Fómhair, trí seachtaine i mí na Nollag agus trí na meáin shóisialta.

Agus iad faighte ó bhailiúchán fairsing Gailearaí Ealaíne Crawford, roghnaíodh saothair ealaíne inar cuireadh síos nó inar tugadh aghaidh ar traidisiúin Mhuirí phort tábhachtach Chorcaí mar ancaireacht, ní hamháin ó thaobh cúrsaí cabhlaigh agus loingseoireachta de,

ach ó thaobh cúrsaí cultúrtha agus sóisialta freisin. Agus radhairc stairiúla tharraingteacha ar Chuan Chorcaí fite fuaite leis, d'eascair scéalta faoi dhaingniú, daoine agus rathúnas, trádáil agus smugláil, eisimirce agus impireacht as. Agus é á choimeád ag Michael Waldron, bhíothas in ann *Statio Bene* agus na cláir a bhaineann leis a eagrú de bharr tacaíocht ó O'Leary Insurance Group, Mainport, agus Port Chorcaí.

I measc na n-ealaíontóirí bhí: **Joseph Poole Addey, George Mounsey Wheatley Atkinson, Richard Peterson Atkinson, John E. Bosanquet, Jim Buckley, Sarah Grace Carr, Hugh C. Charde, John Day, Alfred**

W. Dobbin, John Fitzgerald, Joseph Higgins, Laurence Hutson, Charlotte Kennedy, John King, David Lilburn, Norah McGuinness, Henry Morgan, Jamie Murphy, Tomás O'Ciobháin, Richard Neville Parker, Thomas Sautell Roberts, Robert Richard Scanlan, Robert Lowe Stopford, Willem Van de Velde (the elder).

Tuairisc ar Thaispeántais, 2020

San fhómhar, taispeántas leathan ab ea **Invisible Light ó The School of Looking** arna mhaoiniú ag Clár Fionnachtana Fhondúireacht Eolaíochta Éireann. Trí shaothar uailmhianach comhoibríoch le **Gailearaí Ealaíne Crawford, Tyndall National Institute** agus Ionad um Chomhtháthú Fótónaice na hÉireann (IPIC), rinneadh iarracht ann oidhreacht an ghailearaí mar institiúid ar son saothair ealaíne agus eolaíochta araon a athmhúscailt.

Agus é á chur i láthair den chéad uair i gCorcaigh, pléadh go samhlaíoch an speictream leictreamaighnéadach agus an gaol atá aige leis an stair, an tsochaí, an chruthaitheacht ealaíne agus caomhnú ealaíne. Bhí an taispeántas ar siúl ag an am ceannann céanna leis an dara tréimhse dianghlása náisiúnta agus cuireadh i láthair é go fíorúil trí chainteanna seachtainiúla 'Ray Day' faoi stiúir na n-ealaíontóirí, saineolaithe ar cuireadh cuirí dóibh agus an fhoireann Foghlaim & Fiosraigh. Díríodh iontu ar gach saothar ealaíne nuachruthaithe sa taispeántas agus gníomhachtaíodh iad, ó *Banana Music* go *UV Tipi* agus ó *Radio Hats* go *X-Renaissance*.

Agus é á choimeád ag **Anne Boddaert** agus **Michael Waldron**, spreag **Invisible Light** spéis sna meáin agus rannpháirtíocht den scoth i scoileanna trí chuairteanna fíorúla sceidealaithe leis na healaíontóirí. Bailíodh aiseolas an-dearfach sna seisiúin seo ó mhúinteoirí agus ó dhaoine óga nach mbeadh spéis acu san amharc-ealaín i gcónaí. Tráth tábhachtach ab ea an taispeántas chun ealaín, eolaíocht, oideachas, fiosracht agus cruthaitheacht a thabhairt le chéile. Bhí na healaíontóirí - a chónaigh i gCorcaigh le linn an taispeántais - an-solúbtha freisin agus Invisible Light á athchumrú acu mar fhreagairt ar an bpaindéim dhomhanda, ar shrianta sláinte poiblí agus an gá a bhí le saothair fhíorúla.



Invisible Light amharc ar an suiteán, 2020. Grianghraf le Jed Niezgoda. © na healaíontóirí.

Tuairisc ar Thaispeántais, 2020

I mí Dheireadh Fómhair, osclaíodh príomhthaispeántas den tionscnamh Deich mBliana de Chomórthaí Céad Bliain arna mhaoiniú ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán don phobal ar feadh ceithre seachtaine amháin idir tréimhsí dianghlása. Bhí comóradh céad bliain bhás Thraolaigh Mhic Shuibhne, Ardmhéara Chorcaí, ann sa bhliain. Díríodh sa taispeántas Citizen Nowhere CitizenSomewhere: The Imagined Nation ar oidhreacht idirnáisiúnta stailc ocrais agus bhás Mhic Shuibhne agus ar choincheap an náisiúin mar stát samhaltá a raibh a chuid aistí féin, Principles of Freedom, ag tnúth leis.

Agus é á choimeád agus Dawn Williams le John Borgonovo (Roinn na Staire, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh) mar chomhairleoir acadúil, tugadh léargas ginearálta sa taispeántas ar amlíne mhaisithe inar léiríodh trasnaisc shochpholaitiúla áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhí ag titim amach roimh bhás Mhic Shuibhne agus cuireadh béim freisin ar an iliomad daoine agus tíortha a spreag prionsabail agus oidhreacht Mhic Shuibhne agus a d'imir tionchar orthu seasamh in aghaidh riail na himpireachta agus/nó neamhspleáchas a dhearbhu, lena n-áirítear Bhagat Singh (an India), Guo Morou (an tSín) agus Marcus Garvey (Na hIndiacha Thiar & Stáit Aontaithe Mheiriceá).

Trí shaothair ealaíontóirí comhaimseartha, déantar machnamh sa taispeántas ar choincheap an náisiúin agus pléitear na castachtaí a bhaineann le daoine nach saoránaigh iad in áit ar bith, atá faoi riail dhíreach nó ar dídeanaithe iad a athraíonn ina saoránaigh in áit éigin tar éis a saortha nó a bhfuil súil acu go mbainfidh siad saoránacht amach.

I measc na n-ealaíontóirí bhí **Willie Doherty, Rita Duffy, Öyvind Fahlström, Anthony Haughey, Elaine Hoey, Seán Keating, Brian MacDomhnaill, Gustave Metzger, Alban Muja, Séamus Murphy, John Lavery, Li Qi** agus **Liu Zemian**.

I measc na comhpháirtithe iasachta bhí **Músaem Poiblí Chorcaí, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Gailearaí Hugh Lane, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, TATE** agus **Victoria and Albert Museum**.

Le Foghlaim agus Fiosraigh, cuireadh clár fairsing ar líne ar fáil de chainteanna ealaíontóirí, comhráite agus Margaíocht inar cruthaíodh Eispéireas Cuairteora 3T Fíorúil iontach den taispeántas a mheall lucht mór féachana ar líne.

Suiteán: *Citizen Nowhere | Citizen Somewhere: An Imagined Nation* © na healaíontóirí, grianghraf © Jed Niezgoda / Veni Vendi



Tuairisc ar Thaispeántais, 2020

Mar fhocal scoir, i mí na Nollag, le taispeántas digiteach **Harry Clarke Marginalia**, an tríú taispeántas bliantúil de bhailiúchán phictiúir uiscdhatha Clarke ag Gailearaí Ealaíne Crawford, mealladh lucht mór féachana ar líne. Ós rud é go mbeadh an gailearaí ag dúnadh go gairid ina dhiaidh sin, rinneadh cinneadh an taispeántas a chur i láthair ar líne agus féidearthachtaí an spáis fhíorúil a chuimsiú. Ceann de na buntáistí a bhain leis an gcur chuige seo ná gurbh fhéidir díriú ar na mionsonraí iontacha i saothair Clarke, agus go háirithe ar na cinn sin nach dtugtar faoi deara nó a bhíonn i bhfolach i gcur i láthair fisiciúil. In Harry Clarke Marginalia tugadh cuairteoirí ar thuras treoraithe trí 18 staidéar uiscdhatha d'fhuinneog Eve of St Agnes agus nochtadh gnéithe de chleachtas oibre an ealaíontóra nár fiosraíodh (nó nár fiosraíodh a dhóthain) roimhe seo.

Agus é á choimeád ag Michael **Waldron**, dearadh é i gcomhar le **Barry McCarthy** agus le linn míonna an gheimhridh cruthaíodh leis atmaisféir agus éalúchas agus is sa chuid seo seo de shuíomh gréasáin an ghailearaí is mó a chaith an líon is mó cuairteoirí a gcuid ama go seasta le linn dó a bheith ar siúl, agus lena chois sin

ba air seo is mó a raibh tóir ó thaobh an lín postálacha meán sóisialta de. Tá an-ghrá ag daoine ar dhraíocht Clarke.

Cé go bhfuil sé i gcartlann anois, tá an taispeántas fós ar fáil ar shuíomh gréasáin an ghailearaí agus díreann air in acmhainn nua Foghlaim & Fiosraigh le haghaidh daltaí Ardeistiméireachta. Dhírigh Jessica O'Donnell (Dánlann Hugh Lane) agus Michael Waldron air freisin in dhá chaint de chuid Chairde Ghailearaí Ealaíne Crawford san earrach.

Le linn na bliana dúshlánaí seo is é an ghné atá tagtha chun cinn arís agus arís eile ná an tábhacht a bhaineann le comhpháirtíochtaí a chruthú nó a athspreagadh nó comhpháirtíochtaí reatha a fhorbairt lenár lucht féachana, ealaíontóirí, institiúidí agus foireann. D'fhéadfadh sé nach raibh an géarghá atá le cruthaitheacht a chruthú agus a mhothú ní ba mhó riamh ná mar a bhí sa bhliain 2020. Is mar gheall ar an gcruthaitheacht go spreagtar an tsamhlaíocht, go bhforbraítear pobail, go gcruthaítear eispéiris i bpáirt agus go gcabhraítear leis an aireachas. Agus aghaidh á tabhairt aige ar 2021, ní mór do Ghailearaí Ealaíne Crawford ár n-aird a choinneáil ar an ról tábhachtach atá ag an gcomhcheangailteacht inár bpobail - bíodh siad i gcéin nó i gcóngar - tá sí de dhlúth agus d'inneach ionainn.



“

Le linn na bliana dúshlánaí seo is é an ghné atá tagtha chun cinn arís agus arís eile ná an tábhacht a bhaineann le comhpháirtíochtaí a chruthú nó a athspreagadh nó comhpháirtíochtaí reatha a fhorbairt lenár lucht féachana, ealaíontóirí, institiúidí agus foireann.



21



Tuairisc ar Foghlaim & Fiosraigh
2020

Foghlaim agus Fiosraigh

Táthar ag obair go gníomhach sa chlár Foghlaim & Fiosraigh chun naisc, rannpháirtíocht, comhoibriú agus nuálaíocht chruthaitheach a chothú trí chlár ilghnéitheach uailmhianach: ceardlanna gailearaí, turais, cainteanna, imeachtaí, for-rochtain agus tionscadail fhadtéarmacha. Bíonn siad seo ar siúl ar an láthair i spásanna taispeántais agus oideachais an ghailearaí agus lasmuigh den láthair i suíomhanna poiblí, pobail, scoile agus sláinte.

Tuigimid go gcumasaítear dínit agus fás daonna nuair a thugtar aitheantas d'fhéiniúlacht chultúrtha duine aonair. Tuigimid agus tacaímid leis an éagsúlacht agus le cothromas rochtana.

Toisc gur dúnadh an gailearaí i lár mhí an Mhárta agus de bharr na srianta COVID-19 a tháinig ina dhiaidh sin, bliain dhúshlánach ab ea 2020 inar cuireadh pleananna in oiriúint do chomhthéacs ar líne i gcás inarbh fhéidir.

B'éigean tionscadail áirithe a chur ar ceal agus cinn eile a athshamhlú ina n-iomláine. Deis ab ea an cás gan choinne seo le scileanna nua a fhoghlaim ach cuar foghlama an-ghéar agus am-íditheach ab ea é freisin in amanna.

Aidhmeanna:

1. Rannpháirtíocht agus gníomhaíocht fhiúntach a spreagadh le cuid clár Crawford agus braistint don áit a chothú ag an am céanna dár lucht féachana.
2. Aitheantas a thabhairt do na glórtha éagsúla atá inár gcuid pobal agus meas a léiriú orthu.
3. Smaointeoireacht agus gníomhartha cruthaitheacha a spreagadh.
4. Naisc a dhéanamh go samhlaíoch agus tairbhe a dhéanamh don mhórphictiúr ó thaobh tionscnaimh áitiúla agus náisiúnta de.

In 2020 bhí Anne **Boddaert** agus **Emma Klemencic** i gceannas ar an gclár Foghlaim agus Fiosraigh, le cabhair ó Alice **O'Donoghue** agus foireann iontach saor-ealaíontóirí, treoraithe turais, léachtóirí agus éascaitheoirí.



Foghlaim agus Fiosraigh

Achoimre ar Ghníomhaíochtaí arna dtreorú ag taispeántais

Bhí freastal maith ar chainteanna ealaíontóirí agus imeachtaí i gcomhrá i mí Eanáir, mí Feabhra agus ag tús mhí an Mhárta agus spreagadh comhráite suimiúla iontu.

A Quiet Mutiny

In **Quiet Mutiny** pléadh an do-athraitheacht, an neamhbhuaine agus an teip mar théamaí. Le linn In conversation and debate le Annie Fletcher, stiúrthóir Áras Nua-Ealaíne na hÉireann, cioradh staid an duine agus céimeanna tábhachtacha na beatha trína mbogaimid atá tochtmhar agus leamh ag an am céanna. Ó thaobh an lucht féachana de, d'fhreastail líon mór ealaíontóirí agus coimeádaithe air seo.

In Transit

Labhair **Gohar Dashti** agus **Tanya Habjouqa** faoina gcuid oibre le **Peggy Sue Amison** ar an 6 Márta 2020. Rinne mic léinn tríú bliain (ón gcúrsa roghnach Grianghrafadóireacht, Priontáil agus Scannánaíocht), mic léinn ceathrú bliain agus mic léinn MA plé leis na healaíontóirí sa ghailearaí agus sa choláiste. Bhí freagairt na mic léinn ar an saothar a bhí ar taispeántas mar chuid dá measúnú sa mhodúl roghnach seo.

Duais Phortráide Zurich 2019/Duais Phortráide Zurich do Dhaoine Óga i

I gcainteanna eile, labhair **Stephen Doyle**, **Debbie Godsell** agus **Jack Hickey**, ealaíontóirí a gearrliostaíodh agus iarbhuaiteoir na duaise, faoina dtaithí ar Dhuais Phortráide Zurich le Michael **Waldron**.

Bheartaigh foireann Foghlaim agus Fiosraigh paca acmhainní ar an bportráidíocht (ZPP agus an bailiúchán araon) le cuidiú speisialta ó Abby **Ellis** agus **Alice O'Donoghue**, ar fáil ón suíomh gréasáin agus sa taispeántas. <https://crawfordartgallery.ie/resource-pack-for-portraiture/>



Foghlaim agus Fiosraigh

Achoimre ar Ghníomhaíochtaí arna dtreorú ag taispeántais

Expulsion

Ba é Expulsion le Kevin Gaffney an chéad taispeántas ina raibh an clár Foghlaim agus Fiosraigh ar fad ar líne. Réamhthairneadh an t-ealaíontóir i gcomhrá le Kathleen Soriano agus cuireadh ar fáil é ar leathanach gréasáin an taispeántais in éineacht le téacs le Karl Schoonover inar chuir sé an taispeántas ina chomhthéacs níos leithne ar bhealach sothuigthe ach eolach.



Invisible Light le School of Looking

Sholáthair Denis Connolly agus Anne Cleary (School of Looking), i gcomhar le taighdeoirí in Tyndall agus IPIC, na cainteanna seachtainiúla **RayDays** gach Déardaoin ar 1pm thar na seacht seachtaine. Bhí na cainteanna saor in aisce a ba ghá iad a chur in áirithe roimh ré ar Eventbrite.

Áiríodh leis an gclár rannpháirtíochta poiblí clár forleathan de thurais fhíorúla bheo ar leibhéil na bunscoile agus na meánscoile



Foghlaim agus Fiosraigh

Sampla de na torthaí foghlama

Rogha íomhánna ó Loreto Beaufort Secondary, Baile Átha Cliath agus a gcuart fhíorúil ar an taispeántas Invisible Light. D'fhéach an grúpa Idirbhliana seo ar fhíseáin an taispeántais ar shuíomh gréasáin an ghailearaí i ngrúpaí beaga agus roinn siad a bhfuair siad amach ar an speictream leictreamaighnéadach leis an ngrúpa níos mó.

Rinne na daltaí turgnaimh le priosmaí agus le scátháin ar iasacht ó Roinn na hEolaíochta agus rinne siad líníochtaí sular phléigh siad an taispeántas Invisible Light le linn cuairt fhíorúil le The School of Looking.



“

... congratulations on such a wonderful engagement programme especially during these times ... Some have done art for Junior Cert others have not ... They all enjoyed it a lot and I now have requests to get a list of galleries together for them that they can visit when they open up again.

Claire Bowe, Loreto Beaufort Secondary, Baile Átha Cliath

Foghlaim agus Fiosraigh

Achoimre ar Ghníomhaíochtaí arna dtreorú ag Féilte

Mar gheall ar rannpháirtíocht an ghailearaí i bhféilte cathrach agus náisiúnta aithnítear an gailearaí mar spás cathartha agus go bhfuil ról dearfach aige i dtionscnaimh chathrach agus náisiúnta.

Lá Náisiúnta na Líníochta 2020 (16 Bealtaine 2020)

Bhraitheamar uainn an bheocht sa ghailearaí ach tá súil againn gur chuir na gníomhaíochtaí a d'ullmhaigh ár bhfoireann iontach ealaíontóirí fonn ar ár gcuariteoirí ar líne leas a bhaint as a gcuid páipéir agus peann luaidhe!

Seachtain na hOidhreachta 2020

Bhí an gailearaí ar oscailt don phobal agus níor eagraíodh aon imeachtaí ná cruinnithe sóisialta. Bhí deis againn le linn Sheachtain na hOidhreachta aird a tharraingt ar chuid dár gcláir faoin téama in 2020: 'Oidhreachta agus Oideachas: ag Foghlaim ónár nOidhreachta'.



Oíche Chultúir 2020 (18 Meán Fómhair 2020)

Arís eile, d'fhág an srian maidir le tionóil shóisialta go raibh orainn díriú ar an taobh amuigh. Díríodh i gcluiche ar líne ar ghnéithe ailtireachta den taobh amuigh dár bhfoirgneamh stairiúil.

<https://crawfordartgallery.ie/up-the-crawford-walls-game/>

Seachtain na hEolaíochta 2019 (8–15 Samhain 2019)

Bhí an taispeántas Invisible Light, inar cuireadh an speictream leictreamaighnéadach i láthair trí shraith saothar ealaíne, thar a bheith oiriúnach do Sheachtain na hEolaíochta. Chuamar i gcomhpháirtíocht leis an Dr Sharon Lawton, Science for Life, C.I.T. Access Service arís i mbliana chun naisc a dhéanamh le grúpaí éagsúla daltaí ó Mheánscoil Naomh Uinseann do Chailíní.



Foghlaim agus Fiosraigh


Gníomhaíochtaí Samhraidh

Ba é príomhfhócas an tsamhraidh ná an Campa Beochana Ar Líne. Lónadh na 25 áit ní ba thapúla ná riamh. Reáchtáladh an campa ar Zoom agus rinneadh teagmháil leis na rannpháirtithe dhá uair in aghaidh an lae. Bhí rang teagaisc ann ar maidin agus seisiún réitithe fadhbanna ann i ngrúpaí níos lú san iarnóin.

Tríd is tríd, d'éirigh go maith leis agus fuarthas aiseolas deimhneach den chuid is mó ach obair chrua a bhí ann ó thaobh an ullmhúcháin a rinne Julie Forrester, ealaíontóir, agus ó thaobh maoirseacht bhreise agus cumarsáid ríomhphoist leis na tuismitheoirí le linn na seachtaine.

Ba é an fócas eile sa samhradh ná an chéad Leabhar Gníomhaíochta ag Gailearaí Ealaíne Crawford a fhoilsiú agus a dháileadh. Dearadh an leabhar i gcomhar le deichniúr ealaíontóirí agus oideoirí a oibríonn go minic leis an ngailearaí agus fuair gach duine acu spreagadh ó rogha de na saothair is fearr aithne dár mbailiúchán.

Bhí an leabhar gníomhaíochta dírithe go háirithe ar lucht féachana a bhféadfadh deacrachtaí a bheith acu ag teacht ar an ngailearaí go fisiciúil nó ar líne ar chúis éigin: Fondúireacht COPE, Nasc, Tusla, Cumann Alzheimer na hÉireann, agus clubanna oibre baile an Travellers Visibility Group .



**Leabhar
Gníomhaíochta
Gailearaí Ealaíne
Crawford**

Rannpháirtithe:

Gillian Cussen
Annie Forrester
Julie Forrester
Mary Galvin
Hazel Hurley
Julie Kelleher
Lynda Loughnane
Avril O'Brien
Hazel Scully,
Inge Van Doorslaer

Foghlaim agus Fiosraigh

Achoimre ar chlár leanúnacha agus ar ghníomhaíochtaí nua ar líne

Crawford Supported Studio

Tá Crawford Supported Studio fós mar dhlúthchuid den ghailearaí agus den choláiste ealaíne trí ghréasán comhghuaillithe institiúideacha, Coláiste Ealaíne agus Deartha MTU Crawford, Oifig Ealaíon Chomhairle Cathrach Chorcaí, Gailearaí Ealaíne Crawford agus Fondúireacht COPE. Tá sé fréamhaithe sa ghréasán seo.

Go praiticiúil, soláthraítear leis an gcomhpháirtíocht seo spás sábháilte stiúideo, ábhair ealaíne, trealamh, beirt éascaitheoirí fadtéarmach, cúnamh le hiompar agus cumarsáid, rochtain ar thaispeántais agus tacaíocht ó thaobh forbairt ghairmiúil oiliúna de.

Leanadh leis seo freisin in 2020 cé gur cuireadh in oiriúint é i gcónaí chun cloí leis na srianta, trí thacaíocht a chur ar fáil ar an nguthán agus ábhair ealaíne a sheachadadh go dtí baile an ealaíontóra.

“

I was struck by the unselfconscious ability of the artists to meaningfully access and express their creativity

... Visiting the Crawford Supported Studio reinforced how important art is as a means of communicating and belonging for the supported artist.

Tom Climent, ealaíontóir agus meantóir do Tom O'Sullivan



Foghlaim agus Fiosraigh

Achoimre ar chlár leanúnacha agus ar ghníomhaíochtaí nua ar líne

Clár Lonradh

Is ar líne agus trí ghlaonna gutháin a leanadh leis na clár seo ina mbíonn seisiúin mhíosúla sa ghailearaí agus seisiúin sheachtainiúla ag Ospidéal Naomh Fionnbarra de ghnáth. Dhear Gillian Cussen agus Inge Van Doorslaer sraith fíis-sheisiúin inar fáiltíodh roimh athruithe séasúracha trí ghníomhaíochtaí ealaíne ilchéadfacha.

Naisc le Cumann na Múinteoirí Ealaíne


Forbraímid ár gcuid nasc le Cumann na Múinteoirí Ealaíne. Chuir Aíne Andrews a cuid cuairteanna ar Ghailearaí Ealaíne Crawford i láthair ag comhdháil bhliantúil Chumann na Múinteoirí Ealaíne. Tá na físeáin ar fáil ar shuíomh gréasáin Chumann na Múinteoirí Ealaíne freisin agus ar ár suíomh gréasáin féin. Chuireamar rogha leathan acmhainní ar fáil do Chumann na Múinteoirí Ealaíne ina ndírítear ar churaclaim an Teastais Shóisearaigh agus na hArdteistiméireachta.

Clár leanúnach na gCuairteanna Treoraithe

I mí an Mhárta cuireadh deireadh tobann leis na turais threoraithe a raibh a líon ag dul i méid le blianta beaga anuas. Ó shin i leith tá turais fhíorúla reáchtáilte againn ar bhonn píolótach ar leibhéal na bunscoile agus na meánscoile agus do ghrúpaí eile pobail.

Talking Pictures and Homelife

Sraith nua ábhair sheachtainiúil ina bhfuil caint chroíúil agus leideanna spráíúla bunaithe ar an mbailiúchán. Cuireadh chun féachaint air agus freagairt dó trí scríbhneoireacht chruthaitheach, líníocht, rudaí a dhéanamh agus gluaiseacht.



Aiseolas ó chomhordaitheoir an ghrúpa Ability/Secad:

Hi all, this is some of the work that one of my students sent this weekend from Julies class. I have been getting feedback from the group that the Crawford gallery work is their favourite. All the work we have been doing is mindfulness and positive mental health work, but Julie and the Crawford seem to have hit the right combination of interesting and motivating. This work is by someone who struggles to get dressed or speak to anyone. I am mad about it. Is there any way to publicise it through the Crawford? I am going to scan it properly today and send it out digitally as publicity for the Ability programme in the SECAD group. Danielle

An Clár um Chaighdeáin Músaem in Éirinn agus Polasaí Oideachais

Dlúthchuid d'aighneacht an ghailearaí chuig an gClár um Chaighdeáin Músaem in Éirinn ab ea Polasaí Oideachais fairsing a chríochnú agus plean gníomhaíochta 3 bliana. (Tá na cáipéisí ar fáil ar iarratas.)



Tuairisc Mhargaíochta 2020

An Líon Cuairteoirí

Bhí an chuma ar an scéal ag deireadh mhí Feabhra go mbeadh an líon cuairteoirí in 2020 ní b'airde ná aon bhliain ar taifead. In 2019 mheall an gailearaí breis agus 265,000 cuairteoir agus i mí Eanáir agus mí Feabhra 2021 ba chosúil go leanfadh an treocht suas sin mar gheall ar an méadú 4% sa dá mhí iomlána a tháinig roimh an bpaindéim. I mí an Mhárta, áfach, dúnadh an gailearaí agus nuair a athosclaíodh é ar bhonn neamhrialta bhí an líon cuairteoirí i bhfad ní ba lú ná mar a bhíothas ag súil leis de bharr chur i bhfeidhm shrianta an rialtais.

Bhí an-tóir ar thaispeántais amhail **In Transit**, Duais Phortráide Zurich, Duais Phortráide Zurich do Dhaoine Óga, **Harry Clarke: Darkness in Light** agus **Daphne Wright** sa chéad chuid de 2020. Cuireadh deireadh tobann le cuairteanna ar an 12 Márta nuair a dhún an Gailearaí a dhoirse den chéad uair le linn na paindéime agus d'athraigh an fhoireann margaíochta agus cumarsáide a gcuid pleananna chun casadh go gasta i dtreo formáid ar líne.

Athosclaíodh an Gailearaí ar feadh tréimhse eile ar an 29 Meitheamh ach, dála gach taitneamhachta poiblí, bhí an líon cuairteoirí i bhfad ní b'ísle mar gheall den chuid is mó ar ábhair imní ag baint leis an tsláinte agus leis an tsábháilteacht i measc an phobail ó thaobh páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí neamhriachtanacha de.

Ó mhí an Mhárta 2020, lean an fhoireann margaíochta agus cumarsáide orthu ag freastal ar lucht féachana ilghnéitheach Crawford agus bhí siad fós gníomhach i saol cultúrtha an náisiúin. Mar thoradh ar Phlean Cuairteoirí um Covid-19 a chuir an gailearaí i bhfeidhm, cruthaíodh spás sábháilte fáilteach do chuireoirí le linn na dtréimhsí ina raibh an Gailearaí ar oscailt don phobal.

“

**Bhí an chuma ar an scéal...
go mbeadh an líon
cuairteoirí in 2020 níos airde
ná aon bhliain ar taifead...
mar gheall ar an méadú 4%
sa dá mhí iomlána a tháinig
roimh an bpaindéim.**

**Ó mhí an Mhárta 2020, lean
an fhoireann margaíochta
agus cumarsáide orthu ag
freastal ar lucht féachana
ilghnéitheach Crawford agus
bhí siad fós gníomhach i saol
cultúrtha an náisiúin.**


Tuairisc Mhargaíochta 2020

Achoimre ar na Meáin Shóisialta

Mar thoradh ar dhúnadh an ghailearaí, dúnadh nach bhfacthas riamh roimhe seo agus a tharla arís agus arís eile, tháinig ardú suntasach ar an méid ábhair ar líne a cuireadh ar fáil.

Sna chéad mhíonna de 2020, lean an fhoireann margaíochta agus cumarsáide orthu ag baint úsáid as na hardáin meán sóisialta a bhfuil borradh fúthu, Facebook, Twitter agus Instagram chun sceideal gnóthach na dtaispeántas, an gnéchlár 'Work of the Week', a bhfuil an-tóir air agus a tharlaíonn ar bhonn rialta, agus gníomhaíochta deireadh seachtaine saor in aisce a líonadh le daoine. Ón 22 Márta, nuair a cuireadh na saothair ar líne i ndáiríre, léirigh an Gailearaí réimse leathan foirmeacha ábhair ar líne chun tacú le cláir, imeachtaí agus taispeántais lena n-áirítear: **IN TRANSIT, DUAIS PHORTRÁIDE ZURICH 2019 agus DUAIS PHORTRÁIDE ZURICH DO DHAOINE ÓGA, ARTISTS' FILM INTERNATIONAL 2020, KEVIN GAFFNEY: EXPULSION, SCHOOL OF LOOKING: INVISIBLE LIGHT, STATIO BENE: ART & IRELAND'S MARITIME HAVEN and HARRY CLARKE: MARGINALIA, CITIZEN NOWHERE | CITIZEN SOMEWHERE: THE IMAGINED NATION**

Agus forbairt á déanamh aige ar an ngluaiseacht i dtreo ábhar físe ar chaighdeán níos fearr le linn 2019, bhí cuid mhaith den ábhar in 2020 i bhfoirm agallaimh le healaíontóirí agus coimeádaithe agus turais físe, ach i bhfoirm gailearaithe ar líne, taispeántaí ar líne de ghearrscannáin agus cainteanna ar líne thar ár n-ardán meán sóisialta. In dhá shraith nua ar líne cíoradh na taispeántais Sculpture Galleries agus **RECASTING CANOVA : Sculpture Secrets**, blog, agus **Sculpture Stories**, sraith físeán, ar roinneadh iad araon trí Facebook, Instagram, Twitter agus YouTube agus ag a lán eagraíochtaí tríú páirtí agus daoine aonair.



“

In 2020 tháinig méadú 23.5% ar leantóirí Facebook, Tháinig méadú 66.5% ar leantóirí Instagram agus 22.5% ar leantóirí Twitter, rud a léiríonn cé chomh rathúil a bhí an t-ábhar a cuireadh ar fáil ar líne.

Tuairisc Mhargaíochta 2020

Nuálaíochtaí

Is ar mhaithe le fiosracht chultúrtha a ghríosú agus muinín chruthaitheach a spreagadh a bhí na straitéisí chun acmhainní saor in aisce éagsúla arna nuashonrú go rialta a chur chun cinn le linn na dtréimhsí inar dúndadh agus inar athosclaíodh an gailearaí in 2020 agus cuireadh é seo ar fáil ar bhealach suáilceach spreagúil. Ag tosú i seachtainí deireanacha mhí an Mhárta, d'fhoilsigh Crawford sraith físeáin, Sunday Homelife Videos, chuir sé an club Virtual Thursday Club chun cinn chun cur leis na ceardlanna deireadh seachtaine saor in aisce do pháistí agus chuir sé clár déanta ealaíne do dhaoine níos sine chun cinn a réachtáladh sa gailearaí de ghnáth.

Ag tús mhí Mheán Fómhair 2020, seoladh sraith agallamh darb ainm Crawford Profiles, ina ndírítear ar na daoine taobh thiar de Ghailearaí Ealaíne Crawford a oibríonn ar son na healaíne, an chultúir agus na siamsaíochta ar an láthair agus ar líne araon. Go nuige seo, tá obair laethúil seachtar ball foirne curtha i láthair trínár gcuid leathanach Facebook, Instagram, Twitter agus LinkedIn. Tá trácht treoraithe chuig ár suíomh gréasáin mar gheall ar an tsraith seo agus bhí sí ina cuidiú againn chun muinín as Institiúid Chultúrtha Náisiúnta Chorcaí a chur chun cinn agus lena feiceálacht a ardú.

Bhí oiriúnú tapúil an taispeántais **SCHOOL OF LOOKING: INVISIBLE LIGHT**, le Anne Cleary agus Denis Connolly, ealaíontóirí, ar cheann de na samplaí ba shuntasáí den nuálaíocht, taispeántas a bhí ar siúl ón 7 Deireadh Fómhair go dtí an 29 Samhain 2020. Agus é maoinithe ag Clár Fionnachtana Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, trí shaothar uailmhianach comhoibríoch le Tyndall National Institute agus Ionad um Chomhtháthú Fótónaice na hÉireann, dúndadh an gailearaí don phobal le srianta nua an rialtais a chomhlíonadh an lá roimh lá oscailte an taispeántais seo.

Mar gheall ar an bhforbairt seo gan choinne, ba é freagairt na Rannóg Taispeántas, Oideachais (Foghlaim & Fiosraigh) agus Margaíochta ná clár fairsing ar líne a chomhordú agus a sholáthar ina raibh ábhar téacs agus físe, imeachtaí seachtainiúla beo agus sceideal gnóthach turas fíorúil arna gcur in oiriúint do scoileanna. Sa deireadh thiar, freastalaíodh sa taispeántas ar na mílte duine óg trínár suíomh gréasáin agus trínár seimineáir ghréasáin bheoshruithaithe. Sa chlár a ghabh leis, freastalaíodh ar lucht féachana náisiúnta agus idirnáisiúnta níos fairsinge ná mar a d'fhéadfaí dá mba rud é gurbh é an bunleagan den taispeántas seo ar an láthair an t-aon leagan amháin ar fáil, e.g. d'fhreastail daoine ó ar fud na hÉireann agus na hEorpa ar ár gcuid cainteanna **RAY DAY Online Lunchtime Talks** agus fuair scoileanna sa Fhrainc cuir i láthair speisialta ó na healaíontóirí a bhfuil an Fhraincis acu.



Tuairisc Mhargaíochta 2020

Nuálaíochtaí

Tugadh léirmhíniú drámatúil ar Citizen Nowhere | Citizen Somewhere: The imagined Nation, mórthaispeántas comórtha don ghailearaí, le haghaidh an lucht féachana ar líne. Trí thurais físe, cainteanna le healaíontóirí agus, go nuálach, turas fíorúil 3T, cuireadh i láthair ábhar substaintiúil, a raibh a lán rannpháirtithe cláraithe ina leith, don lucht féachana.

In 2020 thosaigh an rannóg Margaíochta ag obair ar thuras fíorúil 3T i gcomhar le Digisoft, cuideachta atá lonnaithe i gCorcaigh, arbh é a aidhm ná eispéireas fíorúil den ghailearaí a chur ar fáil don lucht féachana. Bhí an-tóir go deo ar an acmhainn seo agus anois tá sí mar uirlis sárluachmhar in go leor rannóg sa Ghailearaí, ó Foghlaim agus Fiosraigh go coimeádaíocht. Is féidir an turas seo a áireamh anois i dtaispeántais ar bhonn leanúnach.

In 2020 forbraíodh agus seoladh leathanach YouTube Ghailearaí Ealaíne Crawford, agus tá méadú fós ag teacht ar an líon leantóirí agus ar an méid ábhair ag baint leis. Leis an ardán seo, tugtar scóip le hábhar físe ardchaighdeán de thaispeántais, imeachtaí agus saothair a sholáthar do lucht féachana fairsing, chun ábhair físe a leabú ar bhealach níos saoraidí laistigh den suíomh gréasáin agus chun anailísíocht a úsáid chun críocha margaíochta agus taighde.

D'fhorbair an rannóg Cumarsáide an cuntas reatha **LinkedIn** chun an gréasán leantóirí ar an ardán a leathnú le go n-áireofaí naisc náisiúnta agus idirnáisiúnta leis mar aon le cinn réigiúnacha, chun folúntais sa ghailearaí a fhógairt, chun naisc a dhéanamh le daoine a oibríonn sa Ghailearaí agus leis an nGailearaí agus chun freastal ar an bpobal gnó agus ar cinneadóirí.

“

Tugadh léirmhíniú drámatúil ar Citizen Nowhere | Citizen Somewhere: The imagined Nation, mórthaispeántas comórtha don ghailearaí, le haghaidh an lucht féachana ar líne. Trí thurais físe, cainteanna le healaíontóirí agus, go nuálach, turas fíorúil 3T, cuireadh i láthair ábhar substaintiúil, a raibh a lán rannpháirtithe cláraithe ina leith, don lucht féachana.

Suiteán: *Citizen Nowhere / Citizen Somewhere: An Imagined Nation*
Grianghraf: Jed Niezgoda / Veni Vedi



Tuairisc Mhargaíochta 2020

Buaicphointí Meán Sóisialta

D'óstáil Crawford ceolchoirm beoshruithaithe i gcomhar le RTÉ agus Other Voices i mí Iúil 2020 dá sraith 'Courage' agus ba sna Gailearaithe Dealbhóireachta a bhí taibhiú le Mick Flannery agus Susan O'Neill (nó SON mar is fearr aithne). Shaothraigh an t-imeacht seo na líonta seo a leanas amharc: Facebook 54K, YouTube 2.6K, Crawford 3K, Twitter 6K, RTÉ Culture 467, a d'fhág go raibh breis is 66K amharc ann sa deireadh.

D'éirigh go seoigh leis an gcomhpháirtíocht bhisiúil le Ceolscoil Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan, 'Music at Midday', agus rinneadh taibhithe speisialta mhic léinn na scoile a thaifeadh, a chur chun cinn agus a chraoladh le linn na bliana, taibhiú speisialta Nollag a scannánaíodh i nGailearaithe Gibson san áireamh.

Sa tréimhse díreach roimh an Nollaig, bhí Crawford i dtionscnamh faoi threoir na Roinne Gnóthaí Eachtracha chomh maith, '**To Be Irish At Christmas**', inar tugadh cuireadh d'institiúidí cultúrtha ábhar a chur i láthair do phobail dhiaspóra na hÉireann ar fud an domhain, agus ina raibh breis agus 250,000 duine sa lucht féachana iomlán.

Cinntíodh trí na himeachtaí seo, agus trí chlár bríomhar taispeántas agus imeachtaí a chaomhnú agus a sholáthar, go bhfuil Gailearaí Ealaíne Crawford fós i gcroílár shaol ealaíne agus cultúrtha Chorcaí, agus inspioráid, éalúchas agus rudaí gan choinne á dtabhairt aige gach uair a bhaintear úsáid as, bíodh sé sin ar an láthair nó ar líne.

Ar chlé: Other Voices, 'Courage', Mick Flannery agus Susan O'Neill (nó SON mar is fearr aithne) ag seinm sna Gailearaithe Dealbhóireachta, Iúil 2020. Grianghraf: RTÉ
Ar dheis: Music at Midday. Grianghraf: Ciara O'Toole



Tuairisc Mhargaíochta 2020

Buaicphointí Meán Sóisialta

Ba é ár bpostáil Facebook ba mhó amharc in 2020, a raibh breis agus 8,600 amharc air, ná an fógra go bhfaigheadh Gailearaí Ealaíne Crawford ciste suntasach ceannachán ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán. Ba é ár bhfíseán ba mhó amharc ná **Cónal Creedon don Oíche Chultúir** a raibh 6,000 amharc air ar Facebook amháin.

Lean an fhoireann margaíochta orthu ag cur ábhar físe a taifeadh sa Ghailearaí ar fáil don lucht féachana. Ina dhiaidh sin, ghnóthaigh **The Witches' Parade**, beochan íomhá ar íomhá bunaithe ar an téama Oíche Shamhna agus atá oiriúnach don teaghlach, líon amharc ar Facebook nach bhfacthas roimhe seo agus d'amharc a lán daoine ar an Teachtaireacht Athoscailte ó Mary McCarthy, stiúrthóir, agus ríméad ar lucht tacaíochta Crawford faoin athoscailt.

Inár nGiolc ba mhó amharc roimh an dianghlasáil mhol Ryan Tubridy's an Gailearaí agus bhí grianghraf de agus é ag tabhairt cuairt ar na Gailearaithe Dealbhóireachta i mí Feabhra 2020. Ba é an Gíolc ba mhó amharc den bhliain ná postáil réamhfhógra faoi Sculpture Stories (Scéalta Dealbhóireachta) i mí an Mheithimh 2020, a ghnóthaigh breis agus 30.5k taispeánt. Tháinig méadú 5% ar an líon iomlán taispeántí Gíolca s'againn ó 780,300 idir mí Eanáir agus mí an Mhárta 2020 go 821,500 idir mí Aibreáin agus mí an Mheithimh 2020.

Ar chlé: Cónal Creedon don Oíche Chultúir

Ar dheis: Na Gailearaithe Dealbhóireachta don Oíche Chultúir. Grianghraif: Ciara O'Toole



Tuairisc Mhargaíochta 2020

Buaicphointí Meán Sóisialta

Ón gCáisc in 2020, sna comhpháirtíochtaí míosúla ar líne le Ceolscoil Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan agus Broken Crow Theatre Company, cuireadh taifeadtaí saor in aisce de na ceolchoirmeacha Music at Midday chomh maith le Storytelling Session (Seisiún Scéalaíochta) ar fáil do chuariteoirí óga.

In Talking Pictures, a seoladh trí na cainéil meán sóisialta ag deireadh mhí an Mhárta, cuirtear sraith arna nuashonrú ar bhonn seachtainiúil ar fáil do pháistí ina spreagtar caint shuáilceach agus spraoi, bunaithe ar shaothair ealaíne ó Bhailiúchán Ghailearaí Ealaíne Crawford. Tarraingíodh aird ar na heisiúintí seo ar líne go rialta trí Facebook, Instagram agus Twitter, ag baint úsáid as #CrawfordArtGalleryHomelife, agus bhí cuireadh ar fáil do dhuine ar bith freagairt go cruthaitheach ach an haischlib seo a úsáid.

In 2020 bronnadh an gradam The **Best Digital Marketing Team** ag **Cork Digital Marketing Awards 2020** (Comhlachas Tráchtála) ar an bhfoireann margaíochta. Bronnadh an gradam **TripAdvisor Travellers' Choice Award 2020** ar an nGailearaí freisin. Ainmníodh an gearrfhíseán meán sóisialta a ghabh leis an taispeántas le **Marianne Keating: The Oceans Between** an gradam **Museums in Short Award 2020**.

Ar dheis: Rosie O'Regan ó Broken Crow Theatre

“

In 2020 bronnadh an gradam The Best Digital Marketing Team ag Cork Digital Marketing Awards 2020 (Comhlachas Tráchtála) ar an bhfoireann margaíochta.



Tuairisc Mhargaíochta 2020

Suíomh Gréasáin

Ní fhacthas riamh roimhe seo bliain mar 2020 ó thaobh trácht chuig suíomh gréasáin an Ghailearaí agus tháinig méadú 60% ar chuaipteanna chuig leathanach baile an Ghailearaí, gan trácht ar na leathanaigh eile, méadú ó 54,527 go 87,442.

In 2019 uasghradaíodh suíomh gréasáin an Ghailearaí ina shuíomh dinimiciúil (so-úsáidte ar ghutháin phóca agus ar ríomhairí deisce araon) agus bhí an t-athrú seo thar a bheith úsáideach againn sa mhéid go raibh an tsolúbthacht agus an tsaoirse againn ábhar ilchineálach a úsáid go nuálach. I bhfaiteadh na súl, bhí taispeántais ar líne a raibh solúbthacht, aclaíocht agus sothuigtheacht ag teastáil uathu ar an suíomh gréasáin.

Tháinig méadú 12.7% ar aga na seisiún, rud a thug le fios gur thaitin an méid a chonaic cuairteoirí ar an suíomh leo nuair a tháinig siad air. Chomh maith leis sin, léiríú is ea an méadú 40% ar an líon leathanach in aghaidh an tseisiúin ar cé chomh húsáideach agus tarraingteach agus atá an t-ábhar a chuirtear ar fáil. Tháinig méadú easpóntúil ar aimsiú lucht féachana idirnáisiúnta an tsuímh ar fud na hEorpa agus na hÁise, sa tSín agus san Indinéis go háirithe.

I gcaitheamh na bliana cuireadh 398 mír leis an suíomh gréasáin, lena n-áirítear físeáin agus acmhainní éagsúla lenar díriodh ar mhargaí éagsúla.

Baill Bhunaidh

Mar gheall ar an tacaíocht don scéim seo, bhí Gailearaí Ealaíne Crawford in ann clár uailmhianach taispeántas, tionscadal agus imeachtaí a fhorbairt agus a chur i láthair, agus tionchar agus rochtain níos fearr a chinntiú go háitiúil go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta dá bharr. Bíonn Baill bhunaidh Ghailearaí Ealaíne Crawford ina gcuidiú chun cur le beocht chultúrtha Chorcaí, na Mumhan agus na hÉireann agus chun cur le pleananna uailmhianacha na limistéar sin maidir le fás agus idirnáisiúnú.

Baill Bhunaidh in 2020

- O'Flynn Exham Solicitors
- KPMG
- Irish Mainport Holdings - The Mainport Group BAM Ireland
- Allied Irish Bank
- O'Flynn Group
- Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí
- Ecclesiastical Insurance



In 2020 ghnóthaigh an Gailearaí méadú 60.4% ar an líon cuairteanna, méadú 12.7% ar aga na seisiún agus méadú 40% ar an líon leathanach ar tugadh cuairt orthu in aghaidh an tseisiúin

Tuairisc Mhargaíochta 2020

Imeachtaí nach Imeachtaí Cláir/Tráchtála iad

Cuireadh as go mór d'imeachtaí ar an láthair in 2020. Lean Cork Literary and Scientific Society (Cumann Liteartha agus Eolaíochta Chorcaí) agus Stair na hEalaíne, Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, orthu ag reáchtáil léachtaí go dtí gur cuireadh dianghlasáil i bhfeidhm. Bhí breithlá 90 bliain ann i lár mhí Feabhra agus imeacht de chuid Ecco Well/Cork Learning Cities ann i mí Feabhra chun feachtas a spreagadh do na Náisiúin Aontaithe. Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe.

Cuireadh trí bhainis ar ceal in 2020 agus diúltaíodh dá lán iarratas ar áirithintí mar gheall ar an éiginnteacht maidir leis an ngailearaí a bheith ar oscailt agus maidir le treoirínite an rialtais a chomhlíonadh.

Clár an Domhnaigh agus Lucht Féachana

Cuireadh an chéad fhógra dianghlasála i bhfeidhm ar an 12 Márta agus b'éigean gníomhaíochtaí Domhnaigh a chur ar ceal. Rinne an fhoireann athrú go tapúil, áfach, go gníomhaíochtaí Domhnaigh ar líne agus sheol a sraith homelife (An Saol sa Bhaile) inar cuireadh ceardlanna ealaíne ar fáil saor in aisce ar a suíomh gréasáin do lucht féachana sa bhaile. Agus iad ag baint úsáid as gnáthábhair a aimsítear i ngach teach, spreagadh rannpháirtithe lena samhlaíocht agus cruthaitheacht a úsáid agus a bheith páirteach ar líne le héascaitheoirí ealaíne a bhfuil taithí acu.

Leis an eisiúint Domhnaigh seo a fheabhsú agus le comhpháirtíochtaí a chaomhnú, d'inis Broken Crow Theatre Company scéal ar líne, inar díródh ar lucht féachana luathbhlianta.

Leanadh ar aghaidh le comhpháirtíocht an ghailearaí le Ceolscoil Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan le taibhiú ar líne le Ellen agus Anna Jannsen agus le taibhiú ceiliúrtha a scannánaíodh ar an láthair le Denise agus Lorraine Crowley. Uaslódáladh an taibhiú seo chuig an suíomh gréasáin www.tobeirish.ie a reáchtálann an Roinn Gnóthaí Eachtracha chun Ealaíona Éireannacha a chur chun cinn don diaspora ar fud an domhain.



Ellen agus Anna Jannson – Ceolscoil, Ceol ag Meán Lae, ag seinm sa bhaile

Tuairisc Mhargaíochta 2020

Comhpháirtíochtaí Meán

Agus foireann margaíochta agus cumarsáide an ghailearaí ag déanamh athruithe chun teagmháil leis an mBailiúchán a leathnú, d'fhorbair siad caidreamh leis an Irish Examiner chun gníomhaíochtaí seachtainiúla dathúcháin do pháistí a chur ar fáil in iris Weekend an nuachtáin. Mar gheall ar an gcaidreamh seo, bhí an Gailearaí in ann láithreacht a choinneáil i nuachtán náisiúnta ar bhonn seachtainiúil inar foilsíodh brandáil an ghailearaí agus inar díriodh fóis ar ár lucht féachana teaghlaigh fad is a bhí na doirse dúnta.

Chomh maith le comhpháirtíocht nuachtáin, labhair an Dr Michael Waldron, Leas-Choimeádaí, sa chlár 'The Art House' ar 96FM gach Domhnach chun ár sraith 'Work of the Week' ('Saothar na Seachtaine') a phlé leis an óstach Conor Tallon.

Íomhánna ó chlár: Mionghné den WORK OF THE WEEK, 28 Aibreán 2020, Muriel Brandt, *The Breadline*, 1916, c.1950, olaphictiúr ar chlár, 61 x 38 cm.


Ceannaithe, Munster Fine Art Society, 1958 (Gibson Bequest Fund). © eastát an ealaíontóra. An taobh amuigh den Ghailearaí agus bratacha air. Comharthaí nua.

Brandáil Sheachtrach & Comharthaíocht Inmheánach

Tugadh faoi thionscadal nua comharthaíochta agus brandála chun an taobh amuigh den fhoirgneamh a fheabhsú, chun cur leis an bhfeiceálacht ar Shráid na Leathghealaí agus chun aird a tharraingt ar an tslí isteach. D'éirigh linn, tar éis dúinn cur leis an bhfoirgneamh mar seo, façade níos cairdiúla, níos fáiltí agus níos dathannaí a chruthú agus baineadh amach an cuspóir a bheith níos spráíúla leis an taobh amuigh den fhoirgneamh dá bharr.

Thugamar aghaidh ar an taobh istigh den fhoirgneamh freisin le scéim comharthaíochta lena n-áirítear córas treoshuimh ar fud an fhoirgnimh, pointe eolais ar urlár na talún agus na Gailearaithe aonair a ainmniú. Tugtar aghaidh leis an scéim seo ar an deacracht a bhaineann le slí a dhéanamh trí fhoirgneamh stairiúil a dearadh chun críoch éagsúil agus cuidítear le cuairteoirí a slí a dhéanamh tríd an bhfoirgneamh agus tarraingítear a n-aird ar na spásanna agus na hurláir iomadúla.

Baineann an-tábhacht le bratacha ar ráillí an Ghailearaí do dhaoine a théann thar bráid, mar is léir ón taighde, agus bhí láithreacht sheasmhach agus nuashonraithe anseo chun cuairteoirí a thabhairt isteach sa Ghailearaí nuair a bhíodh sé ar oscailt agus chun trácht a stiúradh ar líne nuair a bhíodh sé dúnta. Cuireadh bróisiúr an Ghailearaí ar fionraí don bhliain 2020.



Tuairisc Mhargaíochta 2020

Post Díreach

Baineadh úsáid an-éifeachtach as an liosta postála (atá comhlíontach ó thaobh an RGCS de) atá ag fás go seasta chun an Gailearaí a chur chun cinn agus chun trácht a stiúradh chuig an suíomh gréasáin nó chuig an nGailearaí. Tá na rátaí oscailte agus na rátaí cliceála tríd i bhfad níos airde ná meánrátaí an tionscail agus an lucht féachana ag baint taitneamh as an ábhar a chuirtear ar fáil.

Bhí an ráta ratha (an ráta oscailte) i leith nuachtlitreacha arna gcur amach 29.7% ní b'airde ná rátaí ár bpiaraí in institiúidí dár leithéid. Tháinig méadú 53.7% ar an ráta cliceála tríd in 2020, rud a léirigh an fonn atá ar an lucht féachana a bheith i dteagmháil linn.

Fógraíocht

Roinneadh buiséad fógraíochta an Ghailearaí idir meáin thraidisiúnta sna healaíona náisiúnta, foilseacháin turasóireachta, na meáin shóisialta agus foilseacháin áitiúla agus réigiúnacha siamsaíochta chun lucht féachana fairsing a thabhairt linn. In 2020 bronnadh an gradam RTÉ Ag Tacú leis na hEalaíona ar **Citizen Nowhere|Citizen Somewhere: The imagined Nation**, rud a chuir go mór lenár lucht féachana Náisiúnta roimh an Nollaig nuair a osclaíodh an Gailearaí arís. Bhí feachtas cláir fógraí taobh amuigh ag gabháil leis an taispeántas comórtha seo freisin.



Grianghraf Jed Niezgoda / Veni Vedi

Tuairisc Mhargaíochta 2020

Na Meáin Shóisialta ag Gailearaí Ealaíne
Crawford, 2020 vs 2019

E Leantóirí ar Facebook

E	202	10,58
E	201	8,57

E MÉADÚ +23.5%

Q Leantóirí ar Instagram

Q	202	15,01
Q	201	9,01

Q MÉADÚ +66.5%

D Leantóirí ar Twitter

D	202	9,81
D	201	8,01

D MÉADÚ +22.5%

Tuairisc Mhargaíochta 2020

Staitisticí an tSuímh Gréasáin www.crawfordartgallery.ie, 2020 vs 2019

K Cuairteanna ar an Leathanach Baile



K Aga an tSeisiúin



K Leathanaigh ar Tugadh Cuairt Orthu in Aghaidh an tSeisiúin




Caifé Ghailearaí Crawford

Lonnaithe ag an tslí isteach ag ceann de na sainchomharthaí cultúrtha agus stairiúla i gCorcaigh, tearmann suaimhnis is ea Caifé Ghailearaí Crawford gan amhras, agus é suite idir fuadar pláis fhuinniúil sa chathair agus tearmann gailearaí ealaíne na cathrach.

Tá atmaisféar an chaifé neamhfhoirmiúil agus caolchúiseach araon ach tugann sé bistro galánta uirbeach chun cuimhne ag an am céanna. Dathanna fanna; spás lán solais agus aerach; agus saothair ealaíne a athraítear go rialta - tugann na gnéithe seo atmaisféar an ghailearaí le fios sa chaifé. Áit nádúrtha chruinnithe i gcroílár na cathrach is ea é.

In 2017 cuireadh Caifé an Ghairdín leis chun greamanna beaga bia a riar ar thailte an ghailearaí, rud a bhfuil an-rath air agus a chuireann go mór le sástacht na gcuariteoirí ar an ngailearaí agus ar an gcaifé.





Tuairisc Chairde Ghailearaí Crawford, 2020

Mar ghrúpa tacaíochta neamhspleách do Ghailearaí Ealaíne Crawford, is é aidhm na gCairde ná feasacht ar an nGailearaí, a chuid bailiúchán agus a chuid taispeántas a chur chun cinn agus chun spéis a chothú i ngach gné den ealaín, den chultúr agus den oidhreacht.

Tugann Cairde Ghailearaí Ealaíne Crawford cúnamh tiomsaithe airgid do Ghailearaí Ealaíne Crawford. Eagraíocht tacaíochta neamhspleách is ea na Cairde, a bunaíodh i mí na Bealtaine 1989 agus tá 300 ball acu a bhíonn páirteach i gclár imeachtaí lena n-áirítear cainteanna, réamhamharcanna ar thaispeántais, deiseanna chun bualadh le healaíontóirí agus turais phríobháideacha.

Is é aidhm na gCairde ná páirteanna a thabhairt do bhaill i gclár taispeántas agus imeachtaí ag Gailearaí Ealaíne Crawford ar bhealaí atá spráil, sóisialta, cruthaitheach agus oideachasúil.

Amhail a lán eagraíochtaí, bhí ar Chairde Crawford bealaí nua a athshamlú le gnó a dhéanamh mar gheall ar an bpaindéim Covid-19 agus tá athrú mór déanta acu ina gcuid oibríochtaí. Cuireadh ar ceal gach imeacht agus gach gníomhaíocht arna bpleanáil ar an láthair don bhliain 2020.

Tháinig siad isteach ar chúrsaí go tapúil, áfach, agus sholáthair siad an tsraith Léachtaí trí ríomhphoist agus nuachtlitreacha, cainéal YouTube na gCairde agus trí ghné idirghníomhach a chur lena nuachtlitir trí ábhair spéise a bhaineann le healaín agus le hoidhreacht na cathrach a chur i láthair ina sraith Cork About.



Tuairisc Chairde Ghailearaí Crawford, 2020

Comhpháirtíochtaí á bhForbairt ag na Cairde

Ardán do dhéantóirí nua is ea Emerge Exhibition le Cork Craft & Design agus bíonn sé ar cheann de na príomhimeachtaí i mí Lúnasa gach bliain ag Cork Craft Month. Faigheann EMERGE tacaíocht ó Chairde Ghailearaí Ealaíne Crawford, BordOideachais agus Oiliúna Chorcaí, Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan, Crawford, Comhairle Cathrach Chorcaí, Fáilte Ireland an Oifig Fiontair Áitiúil agus Oifigeach Ealaíon Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí.

Tá Cairde Ghailearaí Ealaíne Crawford tar éis cuid de stipinn bhliana, Artist Studio Stipend, a thabhairt do bhuaiteoir foriomlán an Ghradaim le gur féidir an chuid chinniúnach seo de luathghairm an chruthaitheora seo atá ag teacht chun cinn a chothú.

Ardán thar a bheith iontach is ea an comhoibriú ilsrathach seoidir Cairde Ghailearaí Ealaíne Crawford & CCD, na trí Cholaíste Ealaíne agus Deartha agus Artist's Studio ní hamháin chun cuidiú le céimithe nua agus chun cumarsáid idir rannpháirtithe a neartú ach chun earnáil na nEalaíon sa chathair a chothú.




EMERGE
by Cork Craft & Design

Ar dheis:

James Scanlon, *Lonradh*, Gloine dhaite, trí phainéal, 1993.

Íomhá © James Scanlon. coimisiúnaithe agus curtha i láthair ag Cairde Ghailearaí Ealaíne Crawford, 1993.



**Crawford
Art
Gallery**